

INNEALTÓIR CÁILÍOCHTA

Beidh gá ag an bpost le hiarrthóir cruthaithe a bhfuil taithí aige/aici, agus cúlra i rialú Cáilíochta agus Rialála ar Fheistí Leighis. Oibreoidh an té a roghnófar mar chuid d'fhoireann chun caighdeán ardcháilíochta / feidhmíochta a choinneáil ar fud na cuideachta.

Ag tuairisciú don Cheannasaí Sinsearach QE, beidh an post dúshlánach agus caithfidh an duine a bheith in ann oibriú go neamhspleách

Róil & Freagrachtaí

Déanfaidh an tInnealtóir Cáilíochta na nithe seo a leanas:

- Doiciméadú a fhorbairt agus a choinneáil i gcomhlíontacht le riachtanais FDA, ISO, MDD
- Páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas rialaithe Doiciméadaithe
- Athbhreithniú / Faomhadh / Eisiúint a dhéanamh ar dhoiciméadú an táirge deiridh
- Tuairiscí ar Neamhchomhréireacht & fiosruithe faoi anailís ar Phríomhchúiseanna a Thionscain / a Fhaomhadh
- Páirt a ghlacadh / Treoir a thabhairt do thionscnaimh Anailíse Príomhríoscaí, m.sh. FMEA
- Athoibreacha a Thionscain / a Fhaomhadh
- Tús a Chur / Tacú le feidhmiú gníomhartha Ceartaitheacha / Coiscitheacha éifeachtacha
- Tacú leis an bpróiseas monatóireachta Timpeallachta
- Tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le Steiriliú
- Feidhmiú mar ionadaí QA do gníomhaíochtaí bainistíochta ar Cháilíocht Soláthróirí
- Ionadaíocht a dhéanamh do QA mar chuid den Bhord Athbhreithnithe Ábhar
- Feidhmiú mar ionadaí QA ar Thionscadail / Athruithe Seirbhísí Dearaidh
- Prótacail agus tuairiscí Bailíochta (IQ, OQ, PQ) a Thionscain / a Fhaomhadh
- Fógraí d'Athruithe Innealtóireachta a Thionscain / a Fhaomhadh
- Casaidí custaiméirí a phróiseáil agus freagraí do chustaiméirí a bhainistiú
- Tacú le hiniúchtaí ar Chomhlacht a dTabharfar Fógra Dó / Gníomhaireacht Rialála / Custaiméirí
- Iniúchtaí Inmheánacha agus Soláthróirí a Chomhlíonadh
- Sonraí an Eochairtháscaire feidhmíochta a chomhthiomsú agus a threochtáil go míosúil
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruinnithe Athbhreithnithe & Comhlíontachta Bainistíochta
- Dualgais ghaolmhara eile a chomhlíonadh, de réir mar a shannfar iad

Riachtanais an Róil

Céim in innealtóireacht déantúsaíochta, innealtóireacht cháilíochta, eolaíocht bheatha nó a mhacasamhail de réimse, agus taithí 3 bliana ar a laghad a bheith ag obair mar Innealtóir Cáilíochta taobh istigh den Tionscal Feistí Leighis.

Caithfidh an t-iarrthóir a bheith ard-spreagtha agus scileanna cumarsáide den scoth a bheith aige/aici, mar aon le cumas cruthaithe de bheith ag obair mar chuid d'fhoireann.

Bheadh sé mar bhuntáiste go mbeadh taithí ag an duine in úsáid Uirlisí agus Teicnící na Déantúsaíochta Barainní

Cé nach bhfuil Teistiúchán Cáilíochta agus Teistiúchán Príomh-iniúcháir éigeantach bheadh sé ina bhuntáiste.